# Galway Green Leaf Biodiversity Trail

Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Galway City Council

Winner 2017 - Galway EUROPEAN GREEN LEAF

BirdWatch Ireland protecting birds and biodiversity

## Coill Bhearna (Bealach BÁNDEARG)

**Cur síos:** Coillearnach leathanduilleach mheasctha le cosán ag dul trína lár.

Tá sé seo ar cheann de na tailte coille is mó laistigh de chríocha Chathair na Gaillimhe agus baineann luach mór éiceolaíoch léi toisc go bhfuil sí nasctha le gnáthóga eile a mbaineann tábhacht caomhnaithe leo mar chuid de Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, Ceantar Speisialta Caomhnaithe. Cuireann crainn neamhdhúchasacha lena n-áirítear seanchrainn mhóra feá (den chuid is mó), agus




Photos: Ruth Hannify

**Fad an bhealaigh**
1.6km

**Deacracht an bhealaigh** Éasca

**Eolas faoin mbealach**
Ar chosáin phábháilte nó ar chosáin ghairbhéil den chuid is mó atá an bealach, agus an talamh cothrom go maith. Oiriúnach do theaghlaigh.

Please do not disturb wildlife
Don't pick flowers
Family friendly
Please keep dogs on lead




Rochtain: Carrchlós (53°15'30.1"N 9°07'55.1"W).
Páirceáil saor in aisce, 24 uair an chloig.

Bus is gaire (bus 412 nó 414).
Féach eolas na mbusanna **ANSEO**.
Seastáin ar fáil do rothair.

Téacs agus ábhar le John Lusby. Grianghraif uile: Michael O'Clery, mura sonraítear a mhalairt.


Glasóg liath

roinnt seanchrainn darach ar speiceas dúchasach iad, cuireann siad tearmann agus bia tábhachtach ar fáil d'éagsúlacht éan, mamach, fungas agus beatha phlandúil eile.

Tá an phríomhchuid den choillearnach oscailte le sraith bheag mheánach ach í breac le bolláin atá clúdaithe le caonach. Tosaíonn an bealach ag an gcarrchlós agus leanann sé ar aghaidh trí lár na coillearnaí agus amach thar na páirceanna peile a luíonn taobh le coillearnach fhliuch le fearnóg agus saileach. Téann an cosán le cuisle Bhearna den chuid is mó den bhealach, le roinnt droichead ann a thrasnaíonn chuig láithreacha amhairc ar féidir gaibhne dubha agus glasóga liath a fheiceáil acu uaireanta.


Roilleach

Úsáideann madraí uisce an chuisle freisin agus is féidir teacht ar a gcuid salachair ach na bruacha a scrúdú go mion. Sna háiteanna oscailte agus sna páirceanna imeartha, coinnigh súil amach do liatráiscí agus uaireanta do roilligh ag ithe sna páirceanna agus féach sa chuisle le haghaidh froganna. Is féidir cor bealaigh an-ghearr a chur ort féin le dul chuig Clós Súgartha Pháirc na Ceapaí, agus ansin filleann an cosán i gciorcal taobh leis na páirceanna agus ar ais isteach sa choillearnach le filleadh ar an gcosán coillearnaí céanna go dtí an carrchlós.


Sionnach

Sa choill, féach agus éist go bhfeice tú an bhfuil aon scréachóga, snaganna nó snaganna breaca atá ag neadú san earrach, mar aon le réimse éan ceoil lena n-áirítear meantáin mhóra agus ríthe rua. Bíonn sionnaigh agus easóga ann freisin sa choill.


Meantán mór

**Tosaigh agus Críochnaigh** Tosaigh agus críochnaigh ag an gcarrchlós.

**Le tabhairt leat** Buataisí, éadaí teo

**Le faire amach dó** Glacann an bealach seo thú tríd an gcoillearnach leathan duilleach mheasctha i gCoill Bhearna, arb iad crainn feá is mó atá inti mar aon le roinnt crann darach agus cuileann. Tá sraith bheag mheánach sa phríomhchuid den choillearnach ach í breac le bolláin atá clúdaithe le caonach. Ar fhágáil na coillearnaí duit, téann tú isteach chuig páirceanna oscailte agus páirceanna imeartha le coillearnach fhliuch le fearnóg agus saileach thart orthu agus téann an cosán le cuisle bheag agus le roinnt áiteanna riascacha.


Luch fhéir

Tá an choillearnach agus na fálta sceach mar ghnáthóg ag éin choitianta choillearnaí cosúil leis an snag, an meantán earrfhada, an meantán mór, an scréachóg agus an snag breac. Uaireanta bíonn snaganna san áit thart ar an droichead coisithe cloiche sa phríomhchuid den choill. San earrach agus sa samhradh, bíonn ceol na n-éan ann an mhaidin ar fad, agus tá an tiuf-teaf ar cheann de na héin sin ar féidir a cheol a aithint go héasca, le glaoch onamataipéach a bhuaileann mórthimpeall na coillearnaí glaise.

Is féidir go leor speiceas beacán agus fungas a aimsiú ag fás ar adhmad marbh agus ag bun crann. Bíonn mamaigh bheaga lena n-áirítear lucha féir agus vóil bhruaigh sa choill, mar aon le héasóga agus sionnaigh. I measc na bhféileacán is féidir a fheiceáil tá an bhuíóg ruibheach san earrach ar a bhfuil dath tarraingteach líoma-ghlas agus an breacfhéileacán coille sa samhradh.